Is paisinéirí sibh ar shó-línéar (Daonlathatanic) ag seoladh thar farraige anonn. Is duine thú as an 100 duine atá idir 16 agus 56 bliain d'aois ó gach cineál cúlra, aoise agus náisiúntachta. Buailtear an long ag fíor-dhrochaimsir, tógtar uisce isteach agus téann sí go grinneall. Buíochas le Dia, tagann na paisinéirí agus an fhoireann uile slán i mbáid tharrthála.

Tagann sibh i dtír ar oileán darb ainm Dolce Vita, Oileán na Beatha. Is oileán álainn te grianmhar é seo gan aon duine ina chónaí air. Níl aon chaidreamh agaibh leis an domhan taobh amuigh, agus le maireachtáil ar an oileán álainn seo, caithfidh an grúpa dea-chinní a dhéanamh faoin dóigh a mairfidh sibh slán go dtí go ndéanfar tarrtháil oraibh. Sa ghníomhaíocht seo, díreoidh sibh bhur n-aird ar a thábhachtaí atá sé rialacha a bheith ann ar an oileán le go dtiocfaidh gach duine slán.



9.1b -Bia

Gach lá caithfidh do ghrúpa go leor bia a bhailiú do na marthanóirí uile. Agus an bia bailithe agaibh, caithfidh sibh a chinntiú go bhfaighidh gach duine a c(h)ion féin den bhia don lá sin. Caithfidh do ghrúpa bheith ag obair i gcomhar a chéile leis an tasc seo a chomhlíonadh.



Bailiú agus dáileadh an bhia - Rialacha

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

9.1c - Uisce

Gach lá caithfidh do ghrúpa go leor uisce ghlan a bhailiú do na marthanóirí uile. Agus an t-uisce bailithe agaibh, caithfidh sibh a chinntiú go bhfaighidh gach duine a c(h)ion féin den uisce don lá sin. Caithfidh do ghrúpa bheith ag obair i gcomhar a chéile leis an tasc seo a chomhlíonadh.



Bailiú agus dáileadh an uisce - Rialacha

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

9.1d - Dídean



Caithfidh do ghrúpa dídean shásúil a thógáil do na marthanóirí uile. Agus an dídean tógtha, caithfidh sibh cúram a thabhairt di. Caithfidh do ghrúpa bheith ag obair i gcomhar a chéile leis an tasc seo a chomhlíonadh.

Tógáil agus cúram na dídine - rialacha

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

9.1e - Brosna

Gach lá caithfidh do ghrúpa brosna a bhailiú do na marthanóirí uile. Agus an brosna bailithe agaibh, caithfidh sibh a chinntiú go mbeidh go leor teasa ann le haghaidh cócarála agus chun na marthanóirí a choinneáil te. Caithfidh do ghrúpa bheith ag obair i gcomhar a chéile leis an tasc seo a chomhlíonadh.

Tógáil agus cúram na tine - Rialacha

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Tá feabhas ag teacht ar chúrsaí ar an oileán. Tá áit chónaithe ag gach duine agus tá go leor le hithe agus le hól acu. Lena chinntiú go gcaithfear go cothrom le gach duine, cuireann sibh sraith chomhaontaithe de rialacha le chéile. Go hiondúil, déanann gach duine a dhícheall lena chinntiú go riarfar ar riachtanais a chéile. Ach, tharlaíonn sé in amanna go ndéanann daoine áirithe a rogha rud ainneoin go bhfuil rud eile socraithe ag na daoine eile.

9.2b - Fadhb an Bhia

An bia a bhailigh sibh san oíche faoi choinne bricfeasta, thug tú faoi deara, agus tú á ullmhú ar maidin, go bhfuil cuid de ar iarraidh. Socraíonn cuid agaibh faire a dhéanamh san oíche agus faigheann sibh amach go bhfuil duine amháin ó do ghrúpa á ghoid agus á choinneáil dó/di féin. Is deacra anois ná riamh teacht ar an chiondáil bia.

9.2c - Fadhb an Uisce

Tá obair fhada dhian i gceist chun bia agus uisce a bhailiú agus a ullmhú don ghrúpa. Caithfidh do ghrúpa, mar sin, an soláthar d'uisce glan óil a chur ar ciondáil. Ach, tá ball amháin den ghrúpa ag ól uisce daoine eile. Dá bharr seo, tá roinnt daoine ag éirí tinn mar go raibh orthu uisce neamhchóireáilte a ól.

9.2d - Fadhb na Dídine

Tá obair dhian agus ardchaighdeán scileanna i gceist chun ábhair a bhailiú don dídean agus chun í a thógáil. Tá ceathrar daoine i ndiaidh grúpa a bhunú agus chuir siad in iúl go bhfuil dídean dá gcuid féin tuillte acu, mar go bhfuil siad iontach tábhachtach agus ardscileanna acu. Thóg siad an t-ábhar ab fhearr dá riachtanais féin, agus is beag atá fágtha don chuid eile den ghrúpa.

9.2e - Fadhb an Bhrosna

Tá obair dhian i gceist chun brosna a bhailiú agus caithfidh gach duine sa ghrúpa a d(h)ícheall a dhéanamh. Ach, tá ball amháin den ghrúpa nach bhfuil chomh dícheallach céanna leis na daoine eile. Tá do ghrúpa ag streachailt chun go leor brosna a chur ar fáil do gach duine lá agus oíche. Tá gearán á dhéanamh ag cuid de na daoine eile.

Cad iad na héifeachtaí nuair a bhíonn rialacha agus dlíthe á sárú ag daoine?

Réitigh ar an fhadhb

Cearta Daonna

Freagracht Shóisialta

Ord á Choinneáil

10

12

14

16

17

18

Ceannaigh toitíní	**Téigh san arm**
Ceannaigh tinte ealaíne le ceadúnas speisialta	**Faigh cóireáil mhíochaine nó dhéadach gan cead tuismitheoirí**
Faigh tatú	**Ceannaigh peata**
Roghnaigh do DG (GP)	**Vótáil**

Glac socrúchán poist	Éirigh as a bheith faoi chúram
Ceannaigh alcól	Faigh Uimhir Árachais Náisiúnta sa dóigh go dtig leat cáin a íoc
Sínigh faoi choinne liúntais tacaíochta ioncaim	Féach do thaifid oibre sóisialta
Faigh amach cé hiad do thuismitheoirí breithe	Déan eighlíocht linbh

Fág scoil	Pós le cead tuismitheoirí
Déan uacht	Tiomáin tarracóir nó móipéid
Faigh polladh coirp	Ceannaigh ticéad crannchuir
Déan seirbhís giúiré	Féach taifid míochaine

Faigh pas	Cuir geall i siopa geallghlacadóra
Bí freagrach as coir	

Baile a fhágáil (féach nóta 1)	**18**
Alcól a cheannach	**18**
Fáil amach cé hiad mo thuismitheoirí breithe	**18**
Vótail	**18**
Tatú a fháil	**18**
Síniú faoi choinne liúntais tacaíochta ioncaim	**18**
Geall a chur i siopa geallghlacadóra (féach nóta 2)	**18**
Seirbhís giúiré a dhéanamh	**18**
Pósadh gan cead tuismitheoirí	**18**
Uacht a dhéanamh	**18**
Éirí as a bheith faoi chúram	**17**
Toiliú do chaidreamh collaí (féach nóta 3)	**17**
Toitíní a cheannach	**16**
Dul san arm	**16**
Cóireáil mhíochaine/dhéadach a fháil gan cead tuismitheoiri	**16**
Scoil a fhágáil (féach nóta 4)	**16**
Tarracóir/móipéid a thiomáint	**16**
Tinte ealaíne a cheannach le ceadúnas	**16**
DG (GP) a roghnú	**16**
Socrúchán poist a ghlacadh	**16**
Uimhir Árachais Náisiúnta a fháil le cáin a íoc	**16**
Pósadh le cead tuismitheoirí	**16**
Ticéad crannchuir a cheannach	**16**
Taifid míochaine a fheiceáil	**16**
Polladh cluas a fháil	**14**
Polladh coirp a fháil	**14**
Taifid oibre sóisialta a fheiceáil	**14**
Peata a cheannach	**12**
Bheith ciontaithe i gcoir	**10**

Nóta 1: Tig leat baile a fhágáil ag 16 má phós tú (le cead tuismitheoirí)

Nóta 2: Tig leat geall a chur ar pheil ag 16

Nóta 3: Má bhíonn caidreamh collaí ag bean atá faoi bhun 17, níl sise ciontach i gcoir (ach tá an fear ciontach in éigniú reachtúil). Níl aon aois reachtúil toilithe ann d'fhir. Má bhíonn caidreamh collaí ag bean atá os cionn 17 le buachaill atá faoi bhun 14 tá sí ciontach ansin in iompar mígheanasach i leith linbh. Meastar fear óg faoi bhun 14 a bheith neamhchumasach i leith éigniú a dhéanamh ach féadtar é a chúiseamh as cuidiú agus neartú éignithe nó as ionsaí mígheanasach.

Nóta 4: Caithfidh tú fanacht go deireadh na scoilbhliana


SIOPA









Féach, le do thoil, comhad PDF (9.5b) ar leith le haghaidh teimpléad Anailís Pictiúr

Abhcóide nó aturnae (cosaint)	**Fiafróidh den duine óg cad é a tharla, cuirfidh comhairle orthu agus áiteoidh a gcás os comhair cúirte**
Póilín	**Fiosróidh an choir, gabhfaidh agus cuirfidh agallamh ar an té atá faoi amhras, agus cúiseoidh iad**
Giúistís	**Éistfidh an cás, socróidh cé acu ciontach nó neamhchiontach atá an cosantóir agus tabharfaidh breith (mura cás tromchúiseach é)**
Oifigeach Promhaidh	**Déanfaidh maoirsiú ar an chiontóir má iarrtar sa bhreith é (msh seirbhís phobail), agus déanfaidh iarracht an ciontóir a chur ar bhealach a leasa**
Breitheamh	**Éistfidh an cás, socróidh agus tabharfaidh breith (más cás tromchúiseach é)**
Giúiré	**Socróidh cé acu ciontach nó neamhchiontach atá an cosantóir (i gcás cásanna tromchúiseacha)**
Oifigeach príosúin	**Tabharfaidh cúram don chiontóir má ghearrtar príosún air**

Féach, le do thoil, comhad PDF (9.6b) ar leith le haghaidh Cad é a Tharlaíonn Nuair? ....míreanna mearaí


Coinníonn póilíní taifead den choir
Tugtar rabhadh (rabhadh oifigiúil)
Faoi agallamh ag póilíní (i dteideal dlíodóra agus duine fhásta)
Tugtar coir bheag os comhair chúirt na n-óg*
Ionchúisítear é/í (os comhair cúirte)
Coir mhór os comhair Cúirte Corónaí*
Cuirtear tuistí ar an eolas
Gabhann na póilíní é/í
Déanann duine 16 bliana d'aois coir
*Scaoileadh coinníollach agus/nó fíneáil
*Orduithe pobail (msh freastal ar chúrsaí, seirbhís pobail, srl.)
* Ord comhdhála (cúitíonn an duine óg leis an íospartach)
*Breith choimeádta (msh ionad ciontóirí óga)

Sa seachtú haois déag coilíníodh an Afraic Theas ag na Dúitsigh agus na Sasanaigh. Sna céadta ina dhiaidh sin, ghabh na coilínigh gheala, le lámh láidir, smacht ar thalamh na nAfracach a bhí ina gcónaí ann ó thús. Bhain an tír neamhspleáchas amach in 1910, agus de réir an bhunreachta nua bheadh an chumhacht pholaitiúil ag an mhionlach gheal i gcónaí. Cuireadh an córas apartheid (a chiallaíonn "cinedheighilt") ar bun agus scar sé cine geal na hAfraice Theas ón chine ghorm, ó na hÁisigh, agus ón chine mheascaithe.

Anseo thíos tá roinnt samplaí de dhlíthe a ritheadh san Afraic Theas le linn na 1950í:

An tAcht um Chlárú Daonra

De réir an dlí seo bhí na daoine rangaithe ina 3 ghrúpa chiníocha:geal, daite (cine meascaithe nó Áiseach), agus dúchasaigh (Afracach/gorm). Bhí cosc ar phósadh idir na ciníocha le híonacht chiníoch a choinneáil.

An tAcht um Limistéir Ghrúpaí

Leag sé seo sainphobail amach do gach ceann de na "ciníocha". Coinníodh na limistéir ab fhearr agus formhór na dtailte don chine gheal.
Cuireadh na daoine nach den chine gheal iad isteach i "dtearmainn".
Tugadh ar theaghlaigh a raibh cine meascaithe iontu maireachtáil scartha óna chéile iad.

An tAcht um Chaomhnú Conláistí Leithleacha

San acht seo bunaíodh páirceanna, tránna, oifigí poist agus ionaid phoiblí eile amhail leithris don chine gheal agus don chine neamhgheal ar chonláistí iad a bhí "leithleach gan a bheith cothrom".

Acht Oideachais Bantu

Tríd an dlí seo, bhí oideachas an chine ghoirm uile á stiúrú ag an rialtas geal. De reir an churaclaim bhí ar an chine ghorm glacadh leis an chumhacht gheal. Ní raibh cead ag daoine neamhgheala freastal ar ollscoil de chuid an chine gheal.

An tAcht um Chealú Pasanna agus Chomhordú Doiciméad.

Bhíodh ar gach Afracach gorm leabhrán aitheantais a iompar ar a raibh an t-ainm, an seoladh, méarlorga,agus faisnéis eile. Stoptaí na hAfracaigh go minic agus chiaptaí faoina bpasanna iad.

Féach, le do thoil, comhad PDF (9.7b) le haghaidh teimpléad freagartha Difear á Dhéanamh.

Féach, le do thoil, comhad PDF (9.7c) le haghaidh Difear á Dhéanamh san Afraic Theas.

Dearbhú Uilechoiteann
Chearta an Duine

- **Tá gach duine cothrom, beag beann ar aois, ghnéas, chine, chreideamh nó dhath craicinn.**
- **Tá sé de cheart ag gach duine a bheith beo, saor agus slán.**
- **Níl sé ceadmhach duine a choinneáil mar sclábhaí.**
- **Ní cóir duine a chéasadh nó drochíde a thabhairt dó/di.**
- **Ba chóir don dlí plé le gach duine ar an dóigh cheannann chéanna.**
- **Ní cóir duine ar bith a ghabháil, a chur chun an phríosúin nó a dhíbirt as an tír aige/aici gan cúis mhaith.**
- **Tá de cheart agat triail chothrom phoiblí a bheith agat.**
- **Tá tú neamhchiontach go dtí go gcruthaítear os comhair na cúirte go bhfuil tú ciontach.**

Tá de cheart ag gach duine:

- **príobháid a bheith aige/aici;**
- **cead a bheith aige/aici bogadh ó áit go háit;**
- **náisiúntacht a bheith aige/aici;**
- **pósadh agus clann a thógáil;**
- **sealúchas a bheith aige/aici;**
- **saoirse smaoinimh, coinsiasa agus creidimh a bheith aige/aici;**
- **barúil a bheith aige/aici agus cead í a chur in iúl;**
- **agóidí agus cruinnithe síochánta a reáchtáil;**
- **vóta a bheith aige/aici i dtoghcháin chothroma;**
- **obair a bheith aige/aici agus luach cothrom an tsaothair a fháil;**
- **dul isteach i gceardchumann;**
- **sos agus só a bheith aige/aici;**
- **caighdeán sláintiúil maireachtála a bheith aige/aici;**
- **oideachas a bheith aige/aici.**

Féin-Athbhreithniú

Cá thábhachtaí, dar leat, atá do chuid foghlama i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda?

Cad é mar a mhothaíonn tú faoi do chuid foghlama i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda?

Cad é a bhí ina chuidiú agat agus tú ag foghlaim faoin tSaoránacht?
nó Cad é an dóigh foghlama is fearr a bhí agat sa tSaoránacht?

Cad iad na scileanna nua atá forbartha agat i do chúrsa Saoránachta?

Cad iad na dóigheanna ar úsáid tú a bhfuil foghlamtha agat faoin tSaoránacht?